# Tráth a Dó: **Teaghlaigh an Chreidimh**

## An Déardaoin: **Ár dTeaghlach Paróisteach**

**Eochairfhocail:**
TEAGHLACH
POBAL
PARÓISTE
EAGLAIS
RÓIL
MINISTREACHT
COMHSHAOL

F **Féach:** www.youtube.com/watch?v=Kbfq2PdoweA (1 nóimead 32)

P **Plé**

- Cén bhrí a bhaineann na páistí san fhíseán as an téarma: pobal?
- An pobal áitiúil nó domhanda atá i gceist, nó an dá shórt?

Is pobal áirithe é an paróiste.

Roghnaigh na trí shainmhíniú is cruinne a dhéanann tagairt don pharóiste, agus pléigh iad.

- Is áit é an paróiste atá mar phobal reiligiúnach atá ceangailte le pobal an domhain
- Is áit é an paróiste ina bhfuil scoil agus séipéal
- Is áit é an paróiste atá mar phobal ar mhaith leo Íosa a aithint agus a adhradh, agus freastal ar an duine eile mar a rinne seisean
- Is áit é an paróiste atá mar aonad riaracháin i ndeoise
- Is áit é an paróiste ina gcónaíonn na seandaoine, don chuid is mó
- Is áit é an paróiste ina dtugann daoine aire dá chéile, trí bheith bainteach le heagrais ar nós Chumann Uinsionn de Pól
- Is áit é an paróiste ina ndéanaimid ceiliúradh ar na sacraimintí
- Is áit é an paróiste atá mar chomhluadar na dteaghlach

### Amoris Laetitia

Déantar trácht in *Amoris Laetitia* ar an bparóiste a bheith mar 'chomhluadar na dteaghlach'. (202). Labhraíonn an Pápa Proinsias mar gheall ar an gcomhluadar de theaghlaigh a thugann tacaíocht dá chéile in am an ghátair, ó thaobh tiomantas sóisialta de, agus i gcúrsaí creidimh. (196). Labhraíonn sé faoin Eocairist chomh maith, ag rá go mbíonn aicme áirithe ann a ghlacann leis an Eocairist agus a dhéanann neamhaird de na bochtáin agus de na daoine atá ag fulaingt, nó a ghlacann leis an gclaonadh nó an deighilt nó an neamhionannas. Níl na daoine sin inchurtha leis an Eocairist (186).

F **Féach:** request.org.uk/life/christianity-basically-church/ (2n 50)

**Plé**

- Cén taithí atá agatsa maidir leis an bparóiste nó an séipéal áitiúil?
- An ndéanann an eaglais áitiúil iarracht saol níos fearr a thógáil?
- Cad iad na dúshláin is mó atá roimh na paróistí i saol an lae inniu?

**Machnamh**

Léigh an cuntas seo ón Athair Seán Mac Conmara maidir le paróiste úr a thógáil:

I rith na seachtóidí den céad deireanach bhí róphlódú i measc teaghlaigh i lár chathair Bhaile Átha Cliath. Rinne an rialtas an cinneadh 1,950 tithe nua a thógáil i gceantar Fhionnghlaise, in áit darbh ainm Rivermount. An fhadhb ba mhó a bhain leis an bhfiontar seo ná nach raibh áiseanna ná infreastruchtúr ar bith ann. Ní raibh siopa ar bith ann, ní raibh scoil, ná lialann dochtúra, ná séipéal, fiú.

An t-aon saghas siopa a bhí ann ná veain taistil a chuir na hearraí bunúsacha grósaera ar fáil. Nuair a bhí faoistin á éisteacht agam, ba mhinic a dúirt na páistí go ndearna siad an peaca gan dul go dtí an veain nuair a chuir an mháthair ceist orthu rud a cheannach. Bhíodh mé ag obair leis an Athair Larry Fuireastal, an sagart paróiste, a ndearnadh easpag Osraí de ina dhiaidh sin, leis an Athair Séamas Ó Briain agus le baill eile den pharóiste. Ba lánúin óga le clann orthu an chuid ba mhó de na háitritheoirí, agus dá bhrí sin bhain tosaíocht le scoil a thógáil, seachas séipéal. Nuair a d'osclaíomar bunscoil Naomh Finnian, bhaineamar úsáid as an seomra ilfheidhmeach mar ionad Aifrinn. D'osclaíodh séipéal Naomh Oilibhéar Pluincéad tamall maith ina dhiaidh sin. Bhí pobal láidir ann a bhíodh ag comhoibriú go maith lena chéile. Bhíodh imeachtaí éagsúla ar siúl in aghaidh na hoíche sa scoil. Bhíodh eagrais phobail áirithe ag teacht le chéile ansin, Cumann Uinsionn de Pól, na gasóga, na banóglaigh, cumann na hóige, club na mban, lucht spóirt. D'eagraigh Cúram don Óige Chaitliceach campaí samhraidh iontacha, a chuir áiseanna agus imeachtaí ar fáil do na páistí agus do na déagóirí i rith na laethanta saoire. Bhí an tSiúr Clár, ball de Shiúracha Beaga na Deastógála ag obair sa cheantar mar shiúr phobail. Chabhraigh go leor den tuath leis an tiomsú airgid, léigh siad na scrioptúir ag an Aifreann, (ní raibh a leithéid de rud ann agus ministir na hEocairiste ag an am), thugadar cabhair do chách. Tráth gnóthach iontach a bhí ann, ní raibh mórán de mhaoin an tsaoil againn, ach bhí pobal gníomhach láidir sa cheantar.

(*Agallamh leis an údar*)

- Cén fáth gur tugadh tosaíocht do thógáil na scoile?
- An bhfuil fianaise san alt go raibh pobal teaghlach anseo a bhí ag tacú lena chéile maidir le tiomantas sóisialta, deacrachtaí a shárú, cúrsaí creidimh sa pharóiste? Tabhair samplaí.

**An Duais Éicea-Phobal**

In *Evangelii Gaudium*, deir an Pápa Proinsias:

> 'Ní institiúid go mór as dáta é an paróiste; toisc go mbaineann solúbthacht leis is féidir leis dul in oiriúint don saol ar iliomad bealaí, ag brath ar oscailteacht agus cruthaitheacht misinéireachta na sagart agus na bpobal áitiúil' (28).

Tá an oscailteacht agus an chruthaitheacht misinéireachta le sonrú i bparóistí áirithe a thugann tús áite don chomhshaol agus atá mar bhaill d'eagras ar a dtugtar an Éicea-Phobal.

F **Féach:** www.youtube.com/watch?v=TleGTbt4Bww (2 n 50)

P **Plé**

Ionas go mbronnfaí an duais Éicea-Phobal ar an bparóiste, caithfear fianaise a chur ar fáil gur bhain ceithre ghné leis an obair a rinneadh ann.

**Spioradálta**: Nasc idir ábhar comhshaoil agus an creideamh Críostaí, m.sh. trí adhradh

**Praiticiúil**: An soiscéal i ngníomh, m.sh. sábháil fuinnimh, glan an reilig, déan athchúrsáil

**Pobal**: comhoibriú le heagrais eile maidir leis an gcomhshaol, m.sh. bailiú bruscair le bunscoil, comhoibriú le scéim fostaíochta pobail ó thaobh na timpeallachta a chaomhnú

**Domhanda**: Tacú le heagrais atá ag obair sna tíortha i mbéal forbartha m.sh. Trócaire, Gorta, Bóthar

- Conas a léirítear na gnéithe seo san fhíseán?
- Conas a chuirfí na gnéithe oibre seo i bhfeidhm ar ábhar eile a bhíonn idir lámha ag an Eaglais?

M **Machnamh**

Éist leis an bparabal seo leanas. Scríobh amach an bhrí a bhaineann leis dar leat, agus an bhaint atá aige le saol an pharóiste.

**Uisce nó Fíon?**

Fadó fadó i dtír i bhfad ón áit seo, bhí an Fear Mór thar a bheith sásta leis an bhfómhar a bhí curtha isteach aige. Ba eisean an duine ba rachmasaí sa ghleann. Bhí an scioból lán d’arbhar agus na stáblaí lán de stoc. Toisc go raibh áthas air leis an mbarr líonmhar a bhí bainte aige, shocraigh sé ar féasta breá a chur ar fáil dá chuid comharsana, mar chomhartha buíochais.

Chuirfeadh seisean an bia, an ceol, an láthair ar fáil don chóisir, ach bheadh ar mhuintir na háite cabhrú leis an bhfíon a chur ar fáil. Bhí muintir na háite molta go maith agus rinneadh an socrú go dtabharfadh gach teaghlach flaigín fíona leo, le cur isteach i mbairille mór le go bhféadfaí é a dháileadh amach i rith an fhéasta.

D’éirigh go breá le cúrsaí sa chéad bhliain, bhí féasta mór ann, togha gach bia agus go leor fíona do chách.

Toisc gur bhain an Fear Mór barr breá an dara bhliain chomh maith, mheas sé gur mhaith an rud é an féasta a reáchtáil arís. Ghlac muintir an ghleanna go fonnmhar leis an tairiscint. Bhí teaghlach amháin ann áfach, agus mheasadar nár cheart flaigín fíona a chur amú, go gcuirfidís flaigín uisce isteach sa bhairille ina ionad, agus nach dtabharfaí flaigín amháin uisce faoi deara sa bhairille mór fíona.

D’éirigh go breá leis an gcóisir arís, agus bhí muintir an ghleanna, sona sásta cé gur cheap cuid acu nach raibh caighdeán an fhíona chomh hard le caighdeán na bliana roimhe sin. Bhí an chosúlacht ann gur smaoinigh níos mó ná teaghlach amháin ar an tseift maidir leis an bhflaigín uisce!

An bhliain dár gcionn, bhí an rogha chéanna bia ann, bhí an ceol ar fheabhas, ach nuair a dáileadh an fíon amach ón mbairille, ní raibh duine ar bith sásta leis. Tháinig an Fear Mór faoi dheifir le fáil amach cén deacracht a bhí ann, agus nuair a bhlais sé an leacht, thuig sé go maith gur uisce ar fad a bhí ann. Bhí fearg an domhain air. Bhí an smaoineamh céanna ag gach teaghlach nach dtabharfaí flaigín amháin uisce faoi deara. Mar thoradh air, ní raibh fíon ar fáil do dhuine ar bith!

**G** **Gníomhaíocht**

Roinn an rang i ngrúpaí ceathrar nó cúigear. Léann gach grúpa ceann de na sleachta thíos. Scríobh focal amháin a dhéanann achoimriú ar an sliocht agus cuir i láthair an ranga é chomh maith leis an sliocht féin. Abair cén fáth gur roghnaíodh an focal agus cén bhaint atá aige le saol an pharóiste.

- Rómh 12:4–5
- Matha 18:20
- Rómh 12:16
- Gníomh 2:46–7
- Gníomh 4:32
- Gníomh 1:14
- Eabh 10:24–5
- 1 Cor 1:10

**F** **Féach:** vimeo.com/168974687 (32s)

**P** **Plé**

Cén dúshlán a chuireann an Pápa Proinsias romhainn?

**G** **Gníomhaíocht**

Déan taighde maidir leis an bparóiste lena mbaineann an scoil. Tá ceisteanna mar seo le freagairt:

- Cathain ar bunaíodh é?
- Cad is ainm dó?
- Cén fáth ar roghnaíodh an t-ainm sin?

